Sparánacht do Chleachtóirí Cruthaitheacha 2023

Léigh gach ceist go cúramach sula bhfreagraíonn tú iad.

Mír A - Teagmháil

A.1-

Cuir tic anseo má cheadaíonn tú dúinn úsáid a bhaint as do ríomhphost chun dul i dteagmháil leat maidir le tuilleadh imeachtaí, deiseanna agus nuacht laistigh den Oifig Ealaíon. Chun do thoiliú a tharraingt siar ag am ar bith, déan teagmháil le arts@galwaycity.ie

Mír B – Fútsa

Cabhróidh d’fhreagraí leis an Oifig Ealaíon raon na n-iarratasóirí ar an scéim seo a mhapáil, chomh maith le tuiscint a fháil ar an éagsúlacht atá ann i bpobal na healaíontóirí laistigh den chathair.

B.1* - Conas a dhéanann tú cur síos ar d’fhéiniúlacht inscne? (Déanann féiniúlacht inscne cur síos ar an mbraistint inmheánach atá ag duine ar a inscne féin, pé acu mar fhear, mar bhean, nó mar rud éigin eile lasmuigh den dénárthacht inscne.)

B.2* - Conas a dhéanann tú cur síos ar d’fhéiniúlacht ghnéis nó ar do ghnéaschlaonadh? (Déanann sé seo cur síos ar an mealladh fisiciúil, rómánsúil nó mothúchánach atá agat le daoine eile.)

B.3* – Cad é do ghrúpa ciníoch/eitneach?

B.4* - An duine faoi mhíchumas thú nó an bhfuil riachtanais rochtana agat?

Tá

Níl

B’fhearr liom gan a rá

B.5* - Cén aois atá agat?

B.6* - Cad é an leibhéal is airde den oideachas foirmiúil atá bainte amach agat go dtí seo?

- Níor chríochnaigh mé an scoil
- An Bhunscoil

- An Teastas Sóisearach
- An Ardteistiméireacht/Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Ceird/Oiliúint theicniúil/ghairmeach
- Céim Baitsiléara
- Dioplóma nó teastas iarchéime nó gairmiúil
- Céim Máistir
- Céim Dochtúra
- B’fhearr liom gan a rá

B.7* - Cén cumas atá agat sa Bhéarla?

Cainteoir dúchais

Líofa

Meánleibhéal

Tosaitheoir

Gan aon chumas

B’fhearr liom gan a rá

B.8* - Cén cumas atá agat sa Ghaeilge?

Cainteoir dúchais

Líofa

Meánleibhéal

Tosaitheoir

Gan aon chumas

B’fhearr liom gan a rá

B.9* - Cad é do theanga dúchais/do mháthairtheanga?

Mír C – Cleachtas Ealaíne

C.1 – Roghnaigh na catagóirí is fearr a chuireann síos ar do phríomhmheán: *

Ailtireacht	Ealaín Fuaime
Ealaín Phobalghníomhach	Drámaíocht
Sorcas	Ealaíona Traidisiúnta
Ealaín Dhigiteach	Ildisciplíneach
Damhsa	Ceol
Féilte	Ceoldrámaíocht
Scannáin & Físeáin	Amharc-ealaín
Litríocht (Gaeilge agus Béarla)	Eile
Ealaín Sráide agus Taispeántais	

C.2 – Do Chleachtas*

Déan cur síos, le do thoil, ar do chleachtas mar ealaíontóir/thaibheoir/scríbhneoir/choimeádaí/stiúrthóir etc. agus scríobh liosta de na tionscnaimh ealaíonta ábhartha a raibh baint agat leo. - **Uasmhéid 500 Focal**

C.3 – Do Ghairmréim go dtí seo*

Déan cur síos ar do ghairmréim go dtí seo mar a bhaineann sé leis an iarratas seo, agus cuir san áireamh aon cháilíochtaí acadúla nó cáilíochtaí eile a baineadh amach, ballraíocht d'fhorais nó d'eagraíochtaí ghairmiúla, nó duaiseanna a bronnadh ort. – **Uasmhéid 500 Focal**

C.4 – Cuspóir do sparánachta*

Luaigh cén úsáid a bhainfear as an sparánacht seo. - **Uasmhéid 1000 Focal**

Nóta –

(i) Má tá tú ag déanamh iarratais ar sparánacht i gcomhair do staidéar gairmiúil, tabhair sonraí de do chúrsa agus deimhnigh an bhfuil áit faighte agat ar an gcúrsa seo. Mura bhfuil iarratas déanta agat fós ar an gcúrsa, tahbair ainmneacha na gcúrsaí nó na dteagascóirí a mbeidh tú ag cur iarratas chucu.

(ii) Tabhair do d'aire nach dtacaímid le staidéar fochéime ná le staidéar acadúil iarchéime.

(iii) Má tá tú ag cur isteach ar sparánacht chun forbairt a dhéanamh ar do chuid oibre, tabhair sonraí faoi na rudaí ar mian leat a bhaint amach. Tá sé tábhachach cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a d'fhéadfadh an sparánacht seo cabhrú leat do chuid oibre a fhorbairt, i do thuairim.

(iv) Cuir amlíne tionscadail ar fáil, más cuí.

C.5 – Toradh na sparánachta*

Déan cur síos ar aon phlean atá ann do thaibhiúchán, do thaispeántas, d'ealaín suiteála, do léiriúchán, do thaifeadadh, d'fhoilseachán nó do chomhdháil (má bhaineann sé le hábhar) a tharlóidh mar thoradh ar an Sparánacht seo - **Uasmhéid 500 Focal**

Mír D – Faisnéis Airgeadais

D.1 – Roghnaigh an Snáithe a bhfuil tú ag déanamh iarratais ina leith. *
Nóta – Ní féidir iarratas a dhéanamh ar níos mó ná Snáithe amháin.

- Snáithe 1 – Suas le €500
- Snáithe 2 - €501 - €3,000

D.2 – An méid a ndearnadh iarratas ina leith *
Méid na sparánachta a bhfuil tú ag déanamh iarratais ina leith.
€

D.3- Caiteachas*
Tabhair miondealú ar an gcaiteachas go léir a bhainfidh leis an togra seo, dar leat, e.g. ábhair, trealamh a fháil ar cíos, doiciméid, taisteal, cothú etc.

Sonraí	**Méid**
	€
	€
	€
	€
	€
	€

Iomlán	€

D.4 – Ioncam*

Tabhair sonraí maidir le foinsí ioncaim, seachas ioncam ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, a d'fhéadfadh tacú leis an tionscadal seo. Mar shampla, d'fhéadfaí na nithe a leanas a chur san áireamh – d'acmhainní féin, táillí, díolachán réamh-mheasta, urraíocht, sochar comhchineáil, etc.

Sonraí	**Méid**
	€
	€
	€
	€
	€
	€

Iomlán	€

Nóta –

(i) Iarrfar ar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo, adhmhálacha mionsonraithe a sholáthar chun an úsaid a baineadh as an maoiniú a thaispeáint. Gan taifid airgeadais chuí, coimeádfar siar an maoiniú.

Mír E - Teistiméireachtaí

Tabhair ainm agus seoladh bheirt a d’fhéadfaí iarraidh orthu teistiméireachtai a sholáthar duit. Ba chóir go mbeidh do Mholtóir in ann labhairt faoi chaighdeán agus nádúr do chleachtais ealaíne. D’fhéadfadh meantóir, múinteoir, bainisteoir etc. a bheith i gceist leis seo.

E.1 – Ainm and chéad Mholtóra*

E.2 – Ríomhphost an chéad Mholtóra*

E.3 – Ainm an dara Moltóra*

E.4 – Ríomhphost an dara Moltóra*

Mír F – Cáipéisí Tacaíochta

Is cuid an-tábhachtach de d'iarratas iad na Cáipéisí breise seo. Bí cinnte go ndéanann tú iad a athbhreithniú go cúramach.

F.1 – Bille Fóntais nó ráiteas bainc i d'ainm ina thaispeántar seoladh na háite ina bhfuil tú i do chónaí. Is féidir aon fhaisnéis phearsanta nó airgeadais eile a leasú.*

F.2 – CV Ealaíontóra nach mbeidh níos faide ná 2 leathanach.*

F.3 – Samplaí de do chuid oibre – Samplaí ardchaighdeáin de do chuid oibre ina léirítear do chleachtas. Ag brath ar an meán as a mbaineann tú úsáid, d'fhéadfaí an méid a leanas a úsáid mar threoir. *

(i) 5 íomhá shocair
(ii) 3 Nasc do chomhad ar líne le haghaidh Íomhá Ghluaisteach/Scannán – Mar shampla, trí YouTube nó Vimeo
(iii) 3 Nasc ar a mhéid do phíosaí fuaime as píosaí ceoil nó as taibhithe le haghaidh Ealaín Fuaime/Ceol - Mar shampla, trí YouTube nó Vimeo
(iv) Suas le 3 shampla de chatalóga a rinneadh le déanaí nó d'fhoilseacháin ábhartha.
(v) Do scríbhneoirí, 3 shliocht ar a mhéid nach bhfuil níos mó ná 500 focal i ngach ceann díobh

Nóta -

Ba chóir go mbeidh lipéad soiléar ar na hábhair thacaíochta.

Déan na cáipéisí tacaíochta go léir a uaslódáil mar chomhad pdf amháin, le do thoil.

Mír G – Eolas d’iarratasóirí a n-éireoidh leo

Tugtar airgead d’fhaighteoirí Sparánachtaí in dhá thráthchuid. Íoctar 50% nuair a chomhlánaítear agus nuair a chuirtear isteach Foirm A.

Íoctar an 50% eile nuair a chuirtear isteach–

(i) Foirm B, comhlánaithe.

(ii) Tuarascáil iomlán ar an ngníomhaíocht ina raibh an maoiniú á lorg ina leith. Áirítear leis seo 5 íomhá nó nasc físeáin agus 300 focal ar a laghad, ina dhéantar cur síos ar an toradh a bhí ann de bharr na sparánachta.

(iii) Fianaise caiteachais.

(iv) Cruthúnas ina n-admháitear go poiblí go bhfuarthas an maoiniú ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar aon dul lenár dtreoirlínte adhmhála atá le fáil anseo.